S8

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

---

## GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II
**(120 marc)**

---

**AOINE, 6 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

---

**Thall →**

## ROINN I - PRÓS LITEARTHA [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**




# Misneach an Ghrá

(Tháinig ceo spáis idir an ghrian agus an domhan. Diaidh ar ndiaidh d'éirigh an domhan go léir fuar, chomh fuar sin nach raibh aon rogha ag na daoine ach an domhan a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar an spás. Chaith siad céad bliain ag tógáil na spáslong, gach long acu chomh mór le cathair. I ngach long bhí ainmhithe, éin, éisc, crainn, míoltóga, cré agus bláthanna. Shocraigh siad ar dhul go dtí an pláinéad ***Sirius***, turas fada a thógfadh caoga bliain orthu. Nuair a d'fhág siad an domhan seo bhí siad go léir ina gcodladh go sámh, gach duine acu ina chófra gloine féin).

**1.** Nuair a bhí caoga bliain caite dhúisigh na daoine. Labhair guth ar an *intercom*. 'Seo é bhur dTaoiseach, Idí Ó Dónaill, ag caint libh. Fáilte romhaibh go Sirius! Tá deich bpláinéad anseo. Tá beatha ar phláinéad a cúig cé nach bhfuil aon scéal ag teacht ar an raidió uaidh go fóill. Pé scéal é rachaimid ag féachaint air inniu.

**2.** Nuair a bhí siad ag teacht in aice le pláinéad a cúig bhéic Idí amach go tobann: 'Feicim farraige ann agus talamh.' Bhí sé ar mire le háthas; 'agus feicim coillte, coillte glasa agus, agus….' Stop sé. 'Cathracha!' arsa Idí de scread. Bhí na deora lena bhean. Chuaigh siad timpeall an phláinéid cúpla uair. Chonaic siad na céadta cathracha agus ina measc ceann amháin a bhí an-mhór ar fad. Istigh i lár na cathrach seo bhí caisleán a bhí chomh mór le sliabh. Thuirling Idí agus a chlann féin in aice leis an gcaisleán sin.




**3.** Shiúil siad ar an bpláinéad. Líon siad a scamhóga le haer. Bhí an t-aer go maith ach bhí sé difriúil. D'fhéach siad suas ar an dá ghrian. Bhí siad ait. Bhí gach rud a bhain leis an áit ait agus mór…na crainn, na bláthanna, na tithe agus fiú an tsráid ar a raibh siad ag siúl, bhí sí chomh leathan le páirc. Níos aistí fós ní raibh duine ná deoraí le feiceáil. Tháinig siad go dtí an caisleán mór. Leath na súile orthu mar thosaigh an doras á oscailt. Shiúil siad isteach. Dúnadh an doras ina ndiaidh. 'Fáilte romhaibh go Slardic!' Bhain an guth geit astu. 'Cé a labhair?' arsa Idí. Ansin chonaic siad solas beag dearg ar lasadh ar an mbord a bhí i lár an halla. Chuaigh siad ina threo.

**4.** 'Cé thusa?' arsa Idí, 'a labhraíonn ár dteanga?' 'Is róbó mé. Tá tú ag éisteacht le téip. Labhraím gach teanga sa ghalacsaí.' 'Cá bhfuil muintir Slardic?' a d'fhiafraigh Idí. 'Marbh. Mharaigh na Gargaigh iad,' arsa an guth. 'Cén fáth a bhfuil sibh anseo?' a d'fhiafraigh sé. 'Ceo spáis. D'éirigh ár ndomhan fuar,' arsa Idí. 'Tuigim,' arsa an guth. 'Bhíomar féin ann cúig mhíle bliain ó shin. Agus ba mhaith libh cur fúibh anois ar Slardic,' ar sé. 'Ba mhaith linn, le do thoil,' arsa Idí. 'Tá go maith,' arsa an guth le hIdí, 'ach caithfidh tusa scrúdú a dhéanamh ar dtús. Caithfidh tú suí sa chathaoir sin agus caithfidh do chlann, a thuirling leat, dul an doras thall isteach.' Rinne Idí agus a chlann mar a dúradh leo.

**5.** 'Tá go maith,' arsa an guth. 'Tá dhá chnaipe ar an mbord sin os do chomhair amach, ceann dearg agus ceann bán. Má bhrúnn tú an cnaipe dearg sábhálfaidh tú an tríocha milliún duine de do mhuintir atá amuigh sa spás fós mar beidh fáilte rompu anseo agus beidh an pláinéad seo oiriúnach dóibh. Ach gheobhaidh do chlann féin bás an nóiméad a bhrúnn tú an cnaipe dearg. Os a choinne sin má bhrúnn tú an cnaipe bán beidh cead ag do chlann dul ar ais go dtí na spáslonga agus ní bheidh cead ag do mhuintir teacht anseo. Ach an nóiméad a bhrúnn tú an cnaipe bán gheobhaidh tú féin bás. Déan do rogha anois. Tá trí nóiméad agat,' arsa an guth.

**6.** Bhí Idí bán san aghaidh. Thosaigh sé ag cur allais. 'Nóiméad amháin!' arsa an guth. Bhraith Idí an bás ar a chroí. Thóg sé a lámh os cionn an chnaipe dheirg. Stop sé. Ansin bhrúigh sé an cnaipe bán. Níor tharla aon rud. Labhair an guth arís. 'Rinne tú an rud ceart a mhic. Cheap mé ar dtús gur Ghargach thú. Ach tuigim anois nach ea. Bhuailfeadh Gargach an cnaipe dearg. Ní thuigeann an Gargach an grá. Tá sibh go léir saor. Fáilte romhaibh go Slardic!'

(Sliocht athchóirithe as an ngearrscéal ***Ceo Spáis*** ón leabhar ***Ráfla*** le ***Seán Mac Mathúna***)



## **Ceisteanna (iad ar cómharc)**

### A ( **Buntuiscint** )

**(i)** In **Alt 2** deirtear go raibh Idí 'ar mire le háthas'. Cén fáth? (Is leor **dhá phointe** eolais.)

**(ii)** Luaigh **dhá rud**, atá luaite in **Alt 3**, a chuir ionadh ar Idí agus ar a chlann maidir leis an bpláinéad Slardic.

**(iii)** Breac síos **dhá phointe** eolais ón sliocht faoi na Gargaigh.

### B ( **Léirthuiscint Ghinearálta** )

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhain le hIdí mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** 'Déan do rogha anois. Tá trí nóiméad agat.' Breac síos an **dá** dhrochthoradh atá luaite in **Alt 5** maidir leis an rogha a bhí le déanamh ag Idí.

**(iii)** An dtaitníonn críoch (**Alt 5 agus Alt 6**) an scéil leat? (Is leor **dhá chúis** a lua).

---

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach nó mar sin i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

### A

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

### B

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Gliceas (b) Bród (c) Éad (d) Misneach (e) Díoltas (f) Greann

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** nó **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó **B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní ga dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

**An Cat Béaldorais**

Maistín cruthanta é
An cat béaldorais,
Bullaí cruinn ceart
A phiocann ar éiníní.

Ag cur gothaí air féin
Ag bun an ghairdín,
Sínte go sleamhain
Ar nós tíogair nó leoin.

Nuair a fheiceann sé dreoilín
Ar ballchrith ar ghéag
Briseann an dúchas
Trína shúile gan bhréag.

Níl insan seó seo
Ach cluiche gan chiall
Mar is gaiscíoch baoth é
Nár fhoghlaim a cheird.

Ach fós féin is breá leis
An mórchur-i-gcéill
Ag bagairt ar éiníní
Go bhfuil a mbeatha i mbaol.

(le **Pilib Ó Brádaigh**)

**Gluais:**
**(L.1)** maistín: bullaí
**(L.5)** gothaí: cuma fhíochmhar
**(L.15)** baoth: amaideach

**An Blascaod Mór Anois**

D'imigh na daoine
Amach chun na míntíre;
Tá'n Blascaod Mór ciúin anois,
Leis féin os cionn na taoide.

Is cuimhin leis páistí beaga
Ag súgradh ar an trá,
Is naomhóga ag iascaireacht
Amuigh go domhain sa bhá.

Daoine ag insint scéalta
Cois tine, mall san oíche,
Ceol a sheinnt ar veidhlín -
Ní chloisfear arís é choíche.

Ach b'fhéidir go bhfuil taibhsí
Ag insint scéal nó dhó
Cois tine ar an mBlascaod,
Faoin saol 'bhí ann fadó.

(le **Máire Áine Nic Ghearailt**)

**Gluais:**
**(L.2)** míntír: mórthír
**(L.7)** naomhóga: báid bheaga

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** Cén pictiúr den chat a tharraingítear i **línte 1-8** den dán *An Cat Béaldorais*? (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(ii)** Cén pictiúr den saol sa Bhlascaod Mór a tharraingítear i **línte 5-11** den dán *An Blascaod Mór Anois*? (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** Mínigh a bhfuil i gceist i **línte 13-16**, den dán *An Blascaod Mór Anois*, dar leat.

### B ( Léirthuiscint )

**(i)** Cad é an *mothúchán* is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán *An Blascaod Mór Anois*? Conas a chuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair?

**(ii)** Mínigh a bhfuil i gceist i **línte 11-12**, den dán *An Cat Béaldorais*, dar leat.

**(iii)** Cé acu den dá dhán is fearr leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá fháth** a lua.)

**Ceist 2**. Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *hábhair* seo thíos i gceist ann. Ní mór teideal an dáin mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Spórt (b) Timpiste (c) An Teach (d) An Dúlra (Nádúr)

(e) Ainmhí (f) An Bás

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *t-ábhar* sin os ár gcomhair.

---

**Thall** →

**ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]**

Freagair do rogha **tríd cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[ I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**A** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as bróisiúr) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.




- Bronnfar príomhdhuais **€2000** agus **Trófaí Gael-Linn** ar an ngrúpa a dhéanann, i dtuairim na moltóirí, an cur i láthair is snasta ag Craobhchomórtas **SIANSA**. Bronnfar trófaithe cuimhneacháin ar na grúpaí eile.
- Is ar bhaill an ghrúpa bhuacaigh a bhronnfar an duais **€2000** agus ní ar an scoil ná ar an gclub lena mbaineann siad.
- Íocfar costais taistil agus lóistín leis na grúpaí a roghnófar don Chraobh i nGaillimh.
- Féachfar ar na féidearachtaí dlúthdhiosca de na grúpaí is fearr sa chomórtas **SIANSA** a dhéanamh mar aon leis na grúpaí amhránaíochta ón gcomórtas **SEOID**, comórtas do ghrúpaí amhránaíochta atá á reáchtáil ag **GAEL-LINN** freisin. Beidh Craobh **SEOID** ar siúl ar an oíche chéanna le Craobh **SIANSA**.




**(i)** Cad í an phríomhdhuais agus cé air a mbronnfar í?

**(ii)** Cén saghas comórtais é **Seoid**?

**B** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as ***Count Down***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Cluichí Samhraidh Domhanda na nOilimpeach Speisialta

Tá suíomh idirlín oifigiúil na gcluichí seo, ***ww.2003specialolympics.com*** ar fáil i nGaeilge agus i naoi dteanga eile, a bhuíochas sin do **Berlitz GlobalNET**. Chomh maith leis seo tá nuachtlitir oifigiúil na gCluichí, ***Count Down***, ar fáil i nGaeilge freisin ar an idirlíon. Grúpa oibre a roinneann a gcuid ama, saineolas agus tacaíocht saor in aisce a chuireann an leagan Gaeilge den nuachtlitir ar fáil.



Tá suíomh idirlín na gCluichí Domhanda 2003 ag dul i méid i gcónaí. Ba iad **MediaOne** a dhear an suíomh agus anuraidh bronnadh gradam speisialta orthu – ***An 2002 ESAT Golden Spider Award***. Is féidir gach eolas i dtaobh na gCluichí a léamh ar an suíomh seo. Admhaíonn an Coiste Eagrúcháin gur chabhraigh an suíomh idirlín go mór leo san fheachtas ***Bí id' Urra ar Lúthchleasaí*** a bhí ar bun acu ó mhí Eanáir seo caite.

**(i)** Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh shuíomh idirlín oifigiúil na gCluichí Domhanda 2003.

**(ii)** Cé a dhear an suíomh idirlín agus cén gradam a bronnadh orthu anuraidh?

**C**

Léigh an sliocht seo a leanas (as ***Foinse***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(10 marc)**

# Robbie ag Réabadh Arís

Chuir sé as do dhaoine áirithe nuair a rinne Robbie Williams réabadh ar amhráin leithéidí Frank Sinatra ar an albam marbhánta ***Swing when you're Winning***. Cé gur thug na criticeoirí ceoil drochíde cheart do Robbie, níor chuir sé as don ghnáthphobal mórán mar thuig siad dó. Bhí boic mhóra an cheoil tar éis na blianta a chaitheamh ag baint sochair as Robbie bocht. Anois bhí Robbie ag déanamh a ruda féin agus ag baint taitnimh as. In ainneoin ar cheapamar bhí tallann áirithe ag Robbie. Féach sin mar dhílseacht a chairde! Ach an maithfear dó é an dara huair má dhéanann sé ***Swing 2***? Ní dóigh liom é. Ní fhéachfar air mar thimpiste nó botún an babhta seo ach mar thubaist. Ní mór do Robbie a bheith níos cúramaí agus gan géilleadh arís do mhianta phiarda móra thionscal an cheoil. Má dhéanann sé amhlaidh tá an baol ann go mbeidh sé ina cheap magaidh ar nós a sheanchara Gary Barlow. Glac leis sin mar chomhairle uainn a Robbie ghroí!



**(i)** Luaigh fáth **amháin** nár chuir ***Swing when you're Winning*** as don ghnáthphobal mórán.

**(ii)** Cén chomhairle a chuireann údar an tsleachta ar Robbie Williams?

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht athchóirithe seo a leanas (as ailt in ***Lá*** agus ***Foinse***) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó (1) go dtí (11). Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos . (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna (1) = aidhm", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

# Bí gaelach @ craiceáilte. com

Is í **(1)** an tsuímh nua ***www.craiceáilte.com*** ná siamsaíocht agus pléisiúr a chur **(2)** fáil do Ghaeil chraiceáilte na cruinne. Seoladh go hoifigiúil é anuraidh le **(3)** an Oireachtais. Tá an chéad seomra **(4)** bheo i nGaeilge le fáil ar an suíomh seo. Is é an Ciorcal Craiceáilte a **(5)** in 1993 atá taobh thiar den tionscnamh seo. Cuireadh an chéad Fhéile Chraiceáilte ar **(6)** i Ráth Cairn i Samhain na bliana sin. Bhí an Ciorcal ina thost ar feadh tamaill. Ba léir, áfach, nach raibh sé **(7)** sular tháinig sé aníos arís le haghaidh aeir i nGaoth Dobhair mí na Samhna seo caite. Ná cuireadh sé iontas ar **(8)** ort má thagann tú ar ghimicí nua ar ***www.craiceáilte.com*** nár **(9)** triail astu go dtí seo chun pobal na hÉireann agus pobail nach iad a mhealladh i **(10)** na Gaeilge. Ní bheadh a fhios agat cad é an leagan craiceáilte a **(11)** acu ar an sean-nath nár chaill fear nó bean an mhisnigh ariamh é.




**AN BHFUIL SAOL NA GAEILGE RÉIDH?**
**Seo chugainn www.craiceáilte. com**

**Liosta focal**: aidhm [Bearna (1)]; linn; dtreo; díomhaoin; siúl; baineadh; bheadh; chomhrá; ar; bunaíodh; bith.

**Thall** →

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** nó **B** nó **C** anseo. (**Ná gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)**

**A**

Is ball de bhanna ceoil tú. Bhí do chéad cheolchoirm agat le déanaí. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di ina thaobh.

I do litir luaigh

- an saghas banna cheoil atá i gceist
- cén fáth ar roghnaigh sibh an t-ainm atá ar an mbanna
- an réamhchleachtadh a rinne sibh
- conas a tharla sé go raibh sibh páirteach sa cheolchoirm
- pointe **amháin** faoin gceolchoirm féin.

**B**

Bhí timpiste agat agus tá tú san ospidéal. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig cara leat ag insint di(dó) ina thaobh.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais i dtaobh na timpiste
- **dhá** phointe eolais i dtaobh cúrsaí san ospidéal
- pointe **amháin** faoi na rudaí a dhéanfaidh tú nuair a rachaidh tú abhaile.

**C**

Léigh tú alt i nuachtán Gaeilge faoin ábhar ***Níl Dia ar Bith ag Déagóirí an Lae Inniu.*** Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh a raibh san alt sin.

I do litir luaigh

- **dhá** mhórphointe a bhí san alt ar an ábhar
- **dhá** thuairim uait féin ar an ábhar
- pointe **amháin** eile faoin alt.